Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 24 Meitheamh 2022**
**(OR. en)**

**10307/22**

**TELECOM 276**
**CYBER 225**
**COMPET 506**
**MI 483**
**FIN 699**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 16 Meitheamh 2022 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 9616/22 |
| Ábhar: | Tuarascáil Speisialta 03/2022 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal '*Cur i bhfeidhm 5G san Aontas Eorpach: moilleanna ar chur chun feidhme líonraí le saincheisteanna slándála atá fós gan réiteach*'<br>- Conclúidí ón gComhairle (an 16 Meitheamh 2022) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo na conclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta 03/2022 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal 'Cur i bhfeidhm 5G san Aontas Eorpach: moilleanna ar chur chun feidhme líonraí le saincheisteanna slándála atá fós gan réiteach', a ghlac an Chomhairle Fostaíochta, Beartais Shóisialta, Sláinte agus Gnóthaí Tomhaltóirí sa 3882ú cruinniú a bhí aici an 16 Meitheamh 2022.

**IARSCRÍBHINN**

**CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le Tuarascáil Speisialta 03/2022 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal**

***'Cur i bhfeidhm 5G san Aontas Eorpach: moilleanna ar chur chun feidhme líonraí le saincheisteanna slándála atá fós gan réiteach'***

MAIDIR LE COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

AG MEABHRÚ DI

– a conclúidí maidir le feabhas a chur ar an scrúdú ar thuarascálacha speisialta arna ndréachtú ag an gCúirt Iniúchóirí i gcomhthéacs an nós imeachta urscaoilte[1];

1. TUGANN SÍ DÁ hAIRE Tuarascáil Speisialta 03/2022 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal: '*Cur i bhfeidhm 5G san Aontas Eorpach: moilleanna ar chur chun feidhme líonraí le saincheisteanna slándála atá fós gan réiteach*'[2], a chlúdaíonn, go ginearálta an tréimhse idir 2016 agus Bealtaine 2021.

2. Leagann SÍ BÉIM ar an tábhacht straitéiseach a bhaineann le líonraí 5G d'ardcháilíocht a imlonnú go tráthúil laistigh den Aontas chun samhlacha gnó nuálacha agus seirbhísí poiblí nuálacha a chumasú, ar samhlacha iad atá ríthábhachtach le haghaidh fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh.

3. CUIREANN SÍ IN IÚL gur féidir cúiseanna éagsúla a lua leis na moilleanna maidir le sannadh an speictrim agus go bhféadfadh sé gur tháinig athrú ar an staid maidir le himscaradh 5G i mBallstáit áirithe ó bailíodh agus ó próiseáladh na sonraí. Dá bhrí sin, LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá sé sonraí fíoraithe a úsáid agus ar an ngá atá le conclúidí bunaithe ar chritéir shoiléire/modheolaíocht shoiléir.

---

1 7515/00 + COR 1
2 WK 5636/22 INIT

4. MEABHRAÍTEAR DI na Conclúidí uaithi maidir le tábhacht 5G do gheilleagar na hEorpa agus an gá atá ann rioscaí slándála a bhaineann le 5G a mhaolú, inar IARR SÍ ar na Ballstáit agus ar an gCoimisiún, le tacaíocht ó ENISA, na bearta uile is gá a dhéanamh laistigh dá n-inniúlachtaí chun slándáil agus sláine na líonraí cumarsáide leictreonaí a áirithiú, go háirithe líonraí 5G, agus leanúint de chur chuige comhordaithe a chomhdhlúthú chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin slándála a bhaineann le teicneolaíochtaí 5G agus ar bhonn na hoibre comhpháirtí atá ar siúl faoi láthair maidir le bosca uirlisí slándála 5G chun modheolaíochtaí agus uirlisí comhchoiteanna éifeachtacha a shainaithint chun rioscaí a bhaineann le líonraí 5G a mhaolú[3].

5. MEABHRAÍTEAR DI cur chuige láidir comhoibríoch na mBallstát agus an Choimisiúin as ar tháinig glacadh bhosca uirlisí cibearshlándála 5G an Aontais[4], lena gcuirtear creat beart ar fáil chun na bagairtí slándála a bhaineann le líonraí 5G a mhaolú d'fhonn leibhéal leordhóthanach cibearshlándála a chur chun cinn sna líonraí sin sa mhargadh inmheánach.

6. LEAGANN SÍ BÉIM AR a thábhachtaí atá sé do na Ballstáit lánúsáid a bhaint as an mbosca uirlisí cibearshlándála 5G AE, go háirithe a mhéid a bhaineann leis na srianta ábhartha ar sholáthróirí ardriosca a chur i bhfeidhm i gcás príomhshócmhainní a shainítear a bheith criticiúil agus íogair i measúnuithe riosca comhordaithe an Aontais[5].

7. Cuireann SÍ IN IÚL gur ionstraim sholúbtha rioscabhunaithe í bosca uirlisí cibearshlándála 5G an Aontais chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin slándála shainaitheanta, lenar féidir gnéithe cibearshlándála 5G a láimhseáil ar bhealach tráthúil éifeachtúil, agus inniúlachtaí na mBallstát á n-urramú ag an am céanna, mar aon leis an bhfreagracht aonair atá orthu as an tslándáil náisiúnta, i gcomhréir le hAirteagal 4(2) den Chonradh ar an Aontas Eorpach, lena n-áirítear i réimse na cibearshlándála.

3 14517/19

4 Cibearshlándáil líonraí 5G Bosca Uirlisí an Aontais Eorpaigh de bhearta maolaithe riosca, arna chomhaontú ag Grúpa Comhair NIS

5 Na conclúidí ón gcruinniú den Chomhairle Eorpach an 1 agus an 2 Deireadh Fómhair 2020, EUCO 13/20

8. MEABHRAÍTEAR DI an ceanglas a dhearbhaigh an Coimisiún sa teachtaireacht uaidh, *Shaping Europe's digital future* [Todhchaí dhigiteach na hEorpa a mhúnlú][6], gur cheart d'aon ghnólacht a sholáthraíonn seirbhísí do shaoránaigh an Aontais glacadh le rialacha an Aontais agus iad a urramú.

9. TUGANN SÍ DÁ hAIRE na conclúidí agus na moltaí atá sa Tuarascáil Speisialta agus AITHNÍONN SÍ go háirithe:

- nach ndéanann na Ballstáit uile tagairt do chuspóirí an Choimisiúin ina straitéisí náisiúnta 5G ná ina bpleananna leathanbhanda;
- nach bhfuil an Cód um Chumarsáid Leictreonach Eorpach (CEEC)[7] trasuite i ngach Ballstát go fóill;
- nár sannadh an speictream do na líonraí 5G, nó nár sannadh ina iomláine é sna Ballstáit uile;
- fachtóir tábhachtach eile, a shainítear sa bhosca uirlisí mar fhachtóir lena gcinntear próifíl riosca díoltóra, is ea an dóchúlacht go mbeidh díoltóir faoi réir cur isteach ó rialtas tíre nach bhfuil san Aontas; go n-áirítear ar na critéir chun measúnú a dhéanamh ar an gcur isteach a d'fhéadfadh a bheith ann saintréithe chreat dlíthiúil an tríú tír, lena n-áirítear an ráthaítear leibhéal leordhóthanach cosanta sonraí leis.

10. TUGANN SÍ DÁ hAIRE na freagraí ón gCoimisiún a ghabhann leis an Tuarascáil Speisialta[8] agus TUGANN SÍ DÁ hAIRE gur ghlac an Coimisiún leis na moltaí a bhí sa Tuarascáil Speisialta.

11. IARRANN SÍ ar na Ballstáit agus ar an gCoimisiún aird a thabhairt ar na moltaí atá sa Tuarascáil Speisialta agus molann sí dóibh machnamh a dhéanamh ar na moltaí sin agus a mbeartais á bhforbairt maidir lena líonraí 5G a fhorbairt agus slándáil na líonraí sin á n-áirithiú ag an am céanna trí bhosca uirlisí cibearshlándála 5G a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt a thuilleadh, i bhfianaise na saincheisteanna nua slándála a eascraíonn as treochtaí teicneolaíochta agus forbairtí i slabhra soláthair 5G.

---

6 Communication-shaping-europes-digital-future-feb2020_en_3.pdf (europa.eu)
7 Treoir (AE) 2018/1972
8 COM-Replies-SR-22-03_EN.pdf (europa.eu)

12. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún oibriú i gcomhar leis na Ballstáit chun beartais agus bearta a mholadh d'fhonn na spriocanna nascachta Eorpacha a bhaint amach agus chun cumhdach 5G ar na limistéir go léir san Aontas a bhaint amach faoi 2030, agus fachtóirí ríthábhachtacha geopholaitiúla agus eacnamaíocha á gcur san áireamh – amhail fogha Chónaidhm na Rúise faoin Úcráin – a d'fhéadfadh bac a chur ar an dul chun cinn i dtreo na spriocanna sin a bhaint amach agus a bhféadfadh iarmhairtí suntasacha a bheith acu maidir le comhordú trasteorann na mBallstát le tíortha nach bhfuil san Aontas.

13. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún, le tacaíocht ó ENISA, agus ar na Ballstáit leanúint den chomhar comhordaithe idir an tAontas maidir leis na bearta slándála 5G agus faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme an bhosca uirlisí cibearshlándála 5G agus measúnú a dhéanamh ar an ngá atá le cur chuige níos aonchineálaí maidir lena gnéithe a úsáid.